



An Bhruiséil, 30 Aibreán 2026
(OR. en)

8733/26

POLMAR 38
POLGEN 110
COMAR 18
ENV 432
ENER 209
MAR 67
MARE 13
PECHE 149
SUSTDEV 35
TRANS 264

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	29 Aibreán 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 174 final
Ábhar:	TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE lena leagtar amach an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme Threoir 2014/89/AE lena mbunaítear creat le haghaidh pleanáil spásúil mhuirí An dara tuarascáil

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 174 final.

Faoi iamh: COM(2026) 174 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.4.2026
COM(2026) 174 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar amach an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme
Threoir 2014/89/AE lena mbunaítear
creat le haghaidh pleanáil spásúil mhuirí**

An dara tuarascáil

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Iena leagtar amach an dul chun cinn atá déanta maidir le cur chun feidhme
Threoir 2014/89/AE lena mbunaítear
creat le haghaidh pleanáil spásúil mhuirí**

An dara tuarascáil

CLÁR

1.	Réamhrá	2
2.	Dul chun cinn sa chur chun feidhme ón tuarascáil deiridh.....	3
2.1.	Na PSManna a ghlacadh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.....	3
2.2.	Cur chun feidhme na gceanglas maidir le pleananna spásúla muirí a leagtar síos i dTreoir PSM	6
2.2.1.	Airteagal 5(1) – Cur i bhfeidhm an chur chuige bunaithe ar éiceachórais.....	7
2.2.2.	Breithniú ar na gnéithe comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus sábháilteachta	9
2.2.3.	An comhleanúnachas a chur chun cinn.....	10
2.2.4.	Idirghníomhaíochtaí ar muir agus ar tír	12
2.2.5.	Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus an phobail	12
2.2.6.	Úsáid na sonraí is fearr atá ar fáil agus comhroinnt sonraí.....	14
2.2.7.	Comhar idir na Ballstáit agus ar leibhéal imchuach na farraige	15
2.2.8.	Comhar le tríú tíortha.....	16
2.3.	Dúshlán maidir le cur chun feidhme.....	17
3.	An bealach chun cinn.....	19

1. RÉAMHRÁ

Is í seo an dara tuarascáil ón gCoimisiún Eorpach chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle atá ina ceanglas faoi Airteagal 14(2) de Threoir 2014/89/AE lena mbunaítear creat do phleanáil spásúil mhuirí ('Treoir PSM'). Tugtar forléargas inti ar an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir le Treoir PSM a chur chun feidhme ó bhí 2022 ann¹, nuair a foilsíodh an chéad tuarascáil ón gCoimisiún. I gcomhréir leis na hoibleagáidí tuairiscithe faoi Airteagal 14(2), tugtar forbhreathnú fíorasach agus anailíseach ar an dul chun cinn.

Dírítear sa tuarascáil ar an méid a leanas:

- an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit maidir lena bpleananna spásúla mhuirí (PSManna) a ghlacadh, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta;
- príomhcheanglais phleanála Threoir PSM a chur chun feidhme, lena n-áirítear an cur chuige bunaithe ar éiceachórais, breithniú ar ghnéithe comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus sábháilteachta, idirghníomhaíochtaí idir an talamh agus an fharraige, comhleanúnachas le beartais eile, rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, úsáid sonraí, agus comhar laistigh den Aontas agus le tríú tíortha;
- patrúin atá ag teacht chun cinn, chomh maith le difríochtaí idir na Ballstáit agus dúshláin atá i gcoiteann acu, de réir mar a bhogann an phleanáil spásúil mhuirí ó chéim thosaigh an ghlactha go timthriallta pleanála ina dhiaidh sin.

Léirítear in anailís an Choimisiúin go bhfuil cur chun feidhme Threoir PSM ag teacht in aibíocht ar fud an Aontais. Faoi láthair, tá PSM amháin ar a laghad glactha ag 20 de na 22 Bhallstát cósta, agus tá athbhreithniú á dhéanamh ag go leor Ballstát ar a bpleananna nó tá siad ag déanamh nuashonruithe spriocdhírithé orthu cheana féin. Tá roinnt Ballstát ag dul isteach sa dara nó sa tríú timthriall pleanála, rud a léiríonn aistriú ó ullmhúchán an PSM tosaigh go gnáthchur chun feidhme, faireachán agus athbhreithniú oiriúnaitheach.

Tá an tuarascáil seo bunaithe go príomha ar na PSManna agus ar dhoiciméadacht ghaolmhar arna cur isteach ag na Ballstáit, ar fhaisnéis atá ar fáil tríd an Ardán Eorpach um Pleanáil Spásúil Mhuirí, agus ar fhianaise a bailíodh trí staidéar tacaíochta² a cuireadh ar fáil don Choimisiún, trí idirphlé cur chun feidhme³, trí dhoiciméid ón gCoimisiún⁴, chomh maith le tionscadail agus foinsí eile⁵. Le chéile, soláthraíonn siad an bonn anailíseach don mheasúnú a chuirtear i láthair anseo.

¹ Tuarascáil COM/2022/185 final ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle lena leagtar amach an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme Threoir 2014/89/AE lena mbunaítear creat le haghaidh pleanáil spásúil mhuirí.

² [Staidéar ar chur chun feidhme Threoir 2014/89/AE maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh.](#)

³ [Idirphlé cur chun feidhme maidir le cur chun feidhme na Treorach maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí leis an gCoimisinéir Costas Kadis - Aigéin agus iascach.](#)

⁴ Meastóireacht ar an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, SWD(2025) 50.

⁵ Mar shampla, féach Zaucha et al. 'Implementing the EU MSP Directive: Current status and lessons learned in 22 EU Member States', Marine Policy, 2025.

2. DUL CHUN CINN SA CHUR CHUN FEIDHME ÓN TUARASCÁIL DEIRIDH

2.1. Na PSManna a ghlacadh agus athbhreithniú a dhéanamh orthu

Le hAirteagal 15(3) de Threoir PSM, ceanglaítear ar na Ballstáit PSManna a bhunú faoin 31 Márta 2021 agus fógra a thabhairt don Choimisiún agus do na Ballstáit lena mbaineann laistigh de 3 mhí tar éis an PSM a fhoilsiú (Airteagal 14(1)).

Déantar achoimre sa roinn seo ar an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme na PSManna ó bhí an tuarascáil roimhe seo ón gCoimisiún ann, lena gcumhdaítear an tréimhse ón 3 Bealtaine 2022 go dtí an 1 Eanáir 2026.

D'ainneoin sprioc-am an 31 Márta 2021 a leagtar síos i dTreoir PSM, tá amlínte agus cineálacha cur chuige maidir le glacadh PSM agus é a athbhreithniú fós éagsúil ar fud an Aontais. Ón scoithdháta bailithe fianaise, tá a PSManna glactha ag **20 de na 22 Bhallstát cósta**, agus tá dlús mór curtha lena nglacadh ó bhí 2022 ann. Ghlac ocht mBallstát a bpleananna idir 2022 agus 2024, agus thug an Phortaingéil agus an Danmhairg an glacadh agus na nuashonruithe tosaigh chun críche sa tréimhse chéanna⁶. Chun cur chun feidhme Threoir PSM a áirithiú, thionscain an Coimisiún ocht gcás um shárú⁷ idir 2021 agus 2023, ar dúnadh sé cinn díobh tar éis do na Ballstáit atá i gceist a PSManna a ghlacadh go rathúil. Tá **an Ghréig agus an Chróit**⁸ fós le plean a ghlacadh lena gcumhdófar na huiscí muirí uile, cé go bhfuil obair ar an méid sin fós ar siúl sa dá Bhallstát. Tá an Coimisiún ag obair go dlúth leis an dá Bhallstát chun cuidiú leo a PSManna a ghlacadh a luaithe is féidir.

D'eascair moilleanna maidir le spriocdháta 2021 a chomhlíonadh go príomha as nósanna imeachta fada (e.g. measúnuithe comhshaoil agus comhordú idir institiúidí), rialachas casta, suaitheadh a bhaineann le COVID, agus tosca polaitiúla nó geopholaitiúla. I gcásanna áirithe, bhí moilleanna riaracháin den chuid is mó, agus tharla glacadh go gairid tar éis an sprioc-ama.

Tá an chuid is mó de na 'luathghlacadóirí' i mbun timthriallta athbhreithnithe anois. Tá athbhreithnithe iomlána seolta cheana féin ag roinnt Ballstát (e.g. an Bheilg, an Bhulgáir, an Spáinn, an Fhrainc, an Ísiltír, an tSualainn), agus tá meastóireachtaí eatramhacha curtha i gcrích ag Ballstáit eile nó tá athbhreithnithe beartaithe acu atá ar na bacáin (e.g. an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn).

⁶ An Bhulgáir (2023), an Danmhairg (2023), an Eastóin (2022), an Spáinn (2023), an Fhrainc (2022), an Iodáil (2024), an Chipir (2023), an Phortaingéil (foroinn na nAsór, 2024), an Rómáin (2023) agus an tSualainn (2022).

⁷ Idir 2021 agus 2023 seoladh cásanna um shárú in aghaidh na Bulgáire, na Gréige, na Spáinne, na Cróite, na hIodáile, na Cipire, na Portaingéile agus na Rómáine toisc nár bhunaigh siad PSManna ná nár chuir siad faoi bhráid an Choimisiúin iad mar atá ina cheanglas faoi Threoir PSM. In 2023, dúnadh na cásanna in aghaidh na Bulgáire (INFR(2022)2025) agus na Spáinne (INFR(2022)2027). Dúnadh na cásanna in aghaidh na Cipire (INFR(2021)2227), na Portaingéile (INFR(2023)2042) agus na Rómáine (INFR(2021)2224) in 2024. Tarraingíodh siar an cás in aghaidh na hIodáile (INFR(2021)2223) ón gCúirt i mí na Nollag 2024. Níl ach na cásanna in aghaidh na Cróite (INFR(2021)2225) agus na Gréige (INFR(2021)2226) oscailte fós.

⁸ A mhéid a bhaineann leis an nGréig, an 27 Feabhra 2025 thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a breithiúnas i gcás C-128/24 (*an Coimisiún Eorpach v an Phoblacht Heilléanach*), inar cinneadh nár chomhlíon an Ghréig a hoibleagáidí faoi Threoir PSM. D'fhormheas an Ghréig straitéis spásúil náisiúnta don spás muirí i mí Aibreáin 2025, lena n-áirítear léarscáileanna de limistéir mhuirí. Comhaontaíodh amlíne chun an Plean iomlán a ghlacadh, rud atá fós ar feitheamh.

Ar an iomlán, rinneadh aistriú ó ghlacadh tosaigh go nuashonruithe spriocdhírthe, na chéad timhrialta athbhreithnithe iomlána. An tráth céanna, tá an dá Bhallstát eile nár ghlac PSM go fóill ag leanúint de bheith ag obair chun é sin a bhaint amach.

Tábla 1: Stádas na bpróiseas glactha agus athbhreithnithe PSM do na 22 Bhallstát cósta atá ann faoi láthair⁹

Ballstát	Dáta glactha an phlean atá ann faoi láthair	Pleananna roimhe seo	Próisis athbhreithnithe agus pleananna leithdháilte forlíontacha
An Bheilg	Mí na Bealtaine 2019	Glacadh an chéad PSM: Mí an Mhárta 2014	Tá an tríú PSM de chuid na Beilge (2026-2032) á ullmhú faoi láthair - cuireadh tús le hathbhreithniú ar an PSM in 2023 agus reáchtáladh comhairliúchán poiblí tar éis na ceardlainne. Plean nua le glacadh in 2026.
An Bhulgáir	Mí na Bealtaine 2023	/	Staidéar indéantachta a rinneadh in 2023 agus in 2024. Tá sé beartaithe nuashonrú foirmiúil a dhéanamh faoi dheireadh 2027.
An Chróit	Próiseas leanúnach	/	/
An Chipir	Mí na Nollag 2023	/	Níl athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair.
An Danmhairg	2023 ¹⁰	/	Arna leasú in 2024 (forlíonadh foirmiúil ar an PSM), go príomha chun spriocanna nua fuinnimh agus bithéagsúlachta amach ón gcósta a chomhtháthú, agus in 2025 - leasú ar an nGníomh maidir le pleanáil spásúil mhuirí lena dtugtar isteach scéim le haghaidh tionscadail shealadacha tástála agus taighde lasmuigh de limistéir ainmnithe.
An Eastóin	Mí na Bealtaine 2022	/	Tá faireachán agus athbhreithniú bliantúil ar an bplean gníomhaíochta ar siúl faoi láthair. Próiseas athbhreithnithe foirmiúil atá beartaithe do 2026-2027 faoin timhriall athbhreithnithe 5 bliana atá ina cheanglas faoin dlí náisiúnta.
An Fhionlainn	Mí na Nollag 2020	/	Cuireadh tús leis an athbhreithniú i mí Eanáir/mí Feabhra 2024; plean nua le nuashonrú/le glacadh in 2027.
An Fhrainc	An dara cuid (doiciméid straitéiseacha): Mí na Samhna 2025	An chéad chuid: 2019 An dara cuid: Mí na Bealtaine 2022 /	Tar éis don straitéis náisiúnta a bheith formheasta i mí an Mheithimh 2024, rinne an Fhrainc athbhreithniú le déanaí ar an gcuid straitéiseach dá PSManna chun limistéir nua a ainmniú, go háirithe le haghaidh feirmeacha gaoithe amach ón gcósta agus limistéir 'shrianta' cosanta, agus chun leasuithe gaolmhara eile a dhéanamh.

⁹ Tá eolas níos mionsonraithe chomh maith le naisc chuig pleananna náisiúnta le fáil ar [Tíortha | An tArdán Eorpach um Pleanáil Spásúil Mhuirí](#).

¹⁰ Chuir an Danmhairg a céad Phlean Spásúil Muirí isteach le haghaidh comhairliúchán poiblí ar feadh tréimhse 6 mhí in 2021. Bhí an dréachtphlean ceangailteach ó thaobh dlí de ón uair a foilsíodh é le haghaidh comhairliúcháin. Eisíodh é mar ordú feidhmiúcháin in 2023.

Ballstát	Dáta glactha an phlean atá ann faoi láthair	Pleananna roimhe seo	Próisis athbhreithnithe agus pleananna leithdháilte forlíontacha
An Ghearmáin	Mí Mheán Fómhair 2021	Glacadh an chéad phlean PSM: 2009	Foilsíodh plean forbartha láithreáin in 2025 ina leagtar amach straitéis earnála muirí le haghaidh fuinneamh gaoithe amach ón gcósta. An t-athbhreithniú meántearma leanúnach ar PSM na Gearmáine le tabhairt chun críche in 2026.
An Ghréig	Próiseas leanúnach	/	/
Éire	Mí an Mheithimh 2021	/	Plean limistéir mhuirí ainmnithe um an gcósta theas a glacadh i mí Dheireadh Fómhair 2024 (lena n-ainmnítear limistéir fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta chun cuidiú le 5 GW de thoilleadh gaoithe amach ón gcósta a sheachadadh faoi 2030).
An Iodáil	Mí Mheán Fómhair 2024	/	Níl athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair.
An Laitvia	Mí na Bealtaine 2019	/	Glacadh tuarascáil mheastóireachta eatramhaí i mí Dheireadh Fómhair 2024. Tá an próiseas athbhreithnithe le tosú i bhfómhar 2025.
An Liotuáin	Mí Mheán Fómhair 2021	Glacadh an chéad PSM: Mí an Mheithimh 2015	Plean atá le hathbhreithniú in 2030. Leagadh amach i bplean téamach 2024 agus i measúnú straitéiseach comhshaoil (MSC) suíomhanna feirmeacha gaoithe amach ón gcósta agus naisc leis an gcladach.
Málta	Mí Iúil 2015	/	Athbhreithniú inmheánach tosaigh déanta. Tá cur chun feidhme leanúnach ar siúl agus an rialtas ag fanacht le treoraíocht maidir leis na chéad chéimeanna eile.
An Ísiltír	Mí an Mhárta 2022	Glacadh an chéad phlean: 2009 ¹¹ Glacadh an dara plean: Mí na Nollag 2015 ¹²	Tá an t-athbhreithniú páirteach ar Chlár na Mara Thuaidh (2022-2027) ar siúl faoi láthair chun aghaidh a thabhairt ar spriocanna níos airde maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, i measc ábhair eile. Dréacht-athbhreithniú páirteach a cuireadh faoi bhráid na Parlaiminte an 22 Aibreán 2025; comhairliúchán poiblí ón 19 Bealtaine 2025; táthar ag súil go dtabharfar chun críche é in 2026.
An Pholainn	Mí Aibreáin 2021 le hathrú teicniúil i mí na Nollag 2022 ¹³		Foilsíodh meastóireacht eatramhach an 9 Bealtaine 2025; cinneadh maidir leis an nuashonrú a rinneadh; tá cistiú á lorg ag an Aireacht; nuashonrú fadréimseach le tosú in 2026 (faoi réir buiséad a bheith ar fáil) agus

¹¹ Doiciméad beartais na Mara Thuaidh lena gcumhdaítear 2009-2015.

¹² Is nuashonrú ar dhoiciméad 2009-2015 é an dara plean spásúil, doiciméad beartais na Mara Thuaidh lena gcumhdaítear 2016-2021.

¹³ Tar éis bagairt dhlíthiúil ó shealbhóir lamháltais ola agus gáis Cheanada ar fágadh a chearta i Muir na Pomaráine Thiar ar lár ó phlean 2021, le hathbhreithniú 2022 ar PSM – measadh gur ‘athrú teicniúil’ é – coigeartaíodh trí limistéar imchuach chun na gníomhaíochtaí a áireamh, éilimh ar chúiteamh a sheachaint agus gan aon mheasúnú straitéiseach comhshaoil (MSC) ná comhairliúchán poiblí nua a éileamh.

Ballstát	Dáta glactha an phlean atá ann faoi láthair	Pleananna roimhe seo	Próisis athbheithnithe agus pleananna leithdháilte forlíontacha
			meastar go dtógfaidh sé 2.5-3 bliana.
An Phortaingéil	Mí na Nollag 2019 (an mhórhthír agus Maidéara) agus mí Dheireadh Fómhair 2024 (na hAsóir)	/	Tá an plean leithdháilte le haghaidh fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta (PAER, 2025) nasctha go huathoibríoch le <i>Plano de Situação do Ordenamento do Espaço Marítimo Nacional</i> (PSOEM).
An Rómáin	Mí na Samhna 2023	/	Níl athbheithniú á dhéanamh air faoi láthair.
An Spáinn	Mí Feabhra 2023	/	Athbheithniú a seoladh in 2024; ní mór gach ceann de na cúig phlean le haghaidh gach ceann de na cúig fhoroinn mhuirí sa Spáinn a athbheithniú faoin sprioc-am reachtúil an 31 Nollaig 2027.
An tSlóivéin	Mí Iúil 2021	/	Níl athbheithniú á dhéanamh air faoi láthair. Tá coinne leis an gcéad athbheithniú foirmiúil eile in 2031 agus cuirfear tús leis an obair ullmhúcháin in 2029.
An tSualainn	Mí Feabhra 2022	/	Pleananna a athbheithníodh chun, i measc nithe eile, spriocanna nua forbartha fuinnimh gaoithe in-athnuaite amach ón gcósta a bhaint amach agus limistéir mhuirí faoi chosaint a chruthú – tograí maidir le leasú ar an bplean a cuireadh faoi bhráid an rialtais i mí Eanáir 2025.

2.2. Cur chun feidhme na gceanglas maidir le pleananna spásúla muirí a leagtar síos i dTreoir PSM

Tugtar measúnú sna ranna seo a leanas ar an gcaoi ar chuir na Ballstáit na híoscheanglais a leagtar amach i dTreoir PSM chun feidhme. Tá an anailís bunaithe ar fhorálacha ábhartha na Treorach agus scrúdaítear inti na cineálacha cur chuige a glacadh sna PSManna náisiúnta agus sna creataí cur chun feidhme gaolmhara.

Le Treoir PSM, bunaítear creat solúbtha, lena dtugtar corrlach lánroghnach leathan do na Ballstáit maidir leis an gcaoi a gcuireann siad a ceanglais chun feidhme i gcomhréir lena socrúithe bunreachtúla náisiúnta, lena struchtúir riaracháin, lena gcórais dlí agus lena ngnéithe sonracha muirí. Mar thoradh air sin, tá samhlacha pleanála, socrúithe rialachais agus réitigh theicniúla éagsúla glactha ag na Ballstáit chun éifeacht a thabhairt d'fhorálacha na Treorach.

Dá bhrí sin, is de chineál tuairisciúil agus anailíseach iad na barúlacha comparáideacha agus na tagairtí do leibhéal nó foirmeacha éagsúla cur chun feidhme sna ranna seo a leanas. Tá sé i gceist leo comparáid a éascú, treochtaí a shainaithint agus aird a tharraingt ar phatrúin cur chun feidhme ar fud an Aontais. I gcás inar roghnaíodh cineálacha éagsúla cur chuige, níl aon mholadh ann gur neamhchomhlíonadh nó cur chun feidhme míshásúil atá i gceist leis sin.

2.2.1. Airteagal 5(1) – Cur i bhfeidhm an chur chuige bunaithe ar éiceachórais

Go ginearálta, thagair na Ballstáit do chur chuige bunaithe ar éiceachórais a chur i bhfeidhm maidir le pleanáil spásúil mhuirí, i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Threoir PSM. Sa chleachtas, áfach, tá éagsúlacht nach beag idir tíortha maidir lena mhéid a cuireadh cur chuige bunaithe ar éiceachórais i bhfeidhm agus a chomhsheasmhaí a rinneadh é sin agus braitheann sé ar shocruithe bunreachtúla, riaracháin agus rialála éagsúla. Déantar tagairt fhorleathan do chur chuige bunaithe ar éiceachórais mar threoirphrionsabal i gcuspóirí pleanála spásúla muirí agus cuirtear chun feidhme é den chuid is mó trí nósanna imeachta um measúnú comhshaoil a ghabhann leis.

Ar fud an Aontais, tá an measúnú straitéiseach comhshaoil¹⁴ (MSC) tagtha chun cinn mar an príomhbhealach chun éifeacht a thabhairt don chur chuige bunaithe ar éiceachórais. Is iondúil go mbíonn bonnlínte comhshaoil, anailísí brú, measúnú malartach agus bearta maolaithe bunaithe ar chomhpháirteanna éiceolaíocha agus ar bhrúnna daonna, agus leas á bhaint go minic as tuairisceoirí agus as creataí faireacháin na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí¹⁵. In go leor cásanna, is é MSC – mar aon le measúnú iomchuí¹⁶ i gcás inarb ábhartha – an phríomhfhoinsé fianaise gur breithníodh idirghníomhaíochtaí éiceachórais, brúnna carnacha agus teorainneacha comhshaoil ar an leibhéal straitéiseach.

Dá bhrí sin, cuireann formhór na PSManna cur chuige bunaithe ar éiceachórais i bhfeidhm go córasach, seachas trí rialacha criosaithe sainráite bunaithe ar éiceachórais nó trí thairseacha a áirítear sa tuairisc i scríbhinn ar an bplean. Tá éagsúlacht mhór ann maidir lena mhéid a imríonn cur chuige bunaithe ar éiceachórais tionchar ar chinntí spásúla. I roinnt Ballstát, is léir gur chuir torthaí MSC bonn eolais faoi roghanna criosaithe, coimircí, coinníollacha nó eisiaimh le haghaidh úsáidí sonracha (go háirithe fuinneamh amach ón gcósta, eastóscadh agus loingseoireacht). I gcásanna eile, tá breithnithe an chur chuige bunaithe ar éiceachórais fós ar leibhéal níos ginearálta, agus meastar go dtabharfar aghaidh ar shrianta comhshaoil go príomha ag céim údaraithe an tionscadail trí mheasúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaoil ina dhiaidh sin.

Go ginearálta, déanann na Ballstáit cur chun feidhme an chur chuige bunaithe ar éiceachórais a dhaingniú i gcreataí comhshaoil an Aontais atá ann cheana, go háirithe an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, reachtaíocht Natura 2000 agus córais mhonatóireachta muirí náisiúnta. Is minic a luaitear ailíniú le cuspóirí dea-stádais comhshaoil, ach ní aistríonn ach roinnt pleannanna an t-ailíniú sin ina gcreataí measúnaithe struchtúrtha atá bunaithe ar thuairisceoirí nó ina

¹⁴ I gcomhréir le Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001 maidir le measúnú ar éifeachtaí pleannanna agus clár áirithe ar an gcomhshaoil.

¹⁵ Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (An Treoir Réime um Straitéis Mhuirí).

¹⁶ I gcomhréir le Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (is é seo an leagan códaithe den Treoir bunaidh, Treoir 79/409/CEE) agus Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fiáine.

n-anailísí tionchair carnacha lena stiúrtar roghanna pleanála go díreach¹⁷. In áiteanna eile, is tagairtí insinte den chuid is mó iad tagairtí d'fheidhmiú agus d'athléimneacht éiceachórais. Léirítear i gcur i bhfeidhm an chur chun feidhme bunaithe ar éiceachórais difríochtaí i samhla rialachais freisin. Is gnách go mbíonn córais láraithe ag brath ar mheasúnuithe comhshaoil ar an leibhéal náisiúnta chun breithnithe éiceachórais a ionchorprú. Idir an dá linn, dáileann córais il-leibhéil nó chónaidhme cur chun feidhme cur chuige bunaithe ar éiceachórais ar fud próisis náisiúnta agus fhonáisiúnta, rud a fhágann uaireanta go mbíonn cur i bhfeidhm míchothrom ann ar fud imchuacha farraige. Chuidigh cineálacha cur chuige pleanála imchuach farraige nó atá bunaithe ar réigiún muirí le roinnt Ballstát measúnuithe éiceachórais a chur in oiriúint do dhálaí éiceolaíocha réigiúnacha, rud a thacaíonn le cur chuige bunaithe ar éiceachórais a chur i bhfeidhm ar bhealach níos áitbhunaithe.

Samplaí den dea-chleachtas¹⁸:

- Chuir Éire MSC i bhfeidhm faoi stiúir cuspóirí a thástáil gach beartas maidir le Creat Náisiúnta Pleanála Muirí in aghaidh cuspóirí straitéiseacha comhshaoil lena gcumhdaítear gach gné de Threoir MSC (bithéagsúlacht, sláinte an duine, uisce, aeráid, tírdhreach, oidhreacht chultúrtha, etc.). Soláthraíonn MSC fianaise ar rian iomlán scagtha/scóipe, tástáil atriallach trí úsáid a bhaint as cuspóirí MSC, agus ráiteas comhtháite tionchair Natura agus measúnú iomchuí. Mínítear i Ráiteas MSC conas a d'athraigh comhairliúchán agus measúnú an Chreata Náisiúnta Pleanála Muirí. Is sampla é sin inar léir go raibh tionchar ag MSC ar ábhar an phlean.
- Le MSC na Danmhairge 2023, déantar measúnú ar gach leasú ar an bplean spásúil muirí in aghaidh gach ceann de 11 thuaisceoir na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí, agus úsáid á baint as táblaí brú a bhaineann go sonrach le tuairisceoir chun scrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar difear do dhea-stádas comhshaoil nuair a bhaintear limistéir dhobharshaothraithe agus eastósctha nó nuair a leathnaítear criosanna stórála fuinnimh in-athnuaite agus CO₂ amach ón gcósta. Leis an gcur chuige struchtúrtha sin, neartaítear an nasc díreach idir anailís ar bhrú, cuspóirí dea-stádais comhshaoil agus cinntí criosaithe críochnaitheacha.
- Le MSC na hEastóine, comhcheanglaítear anailís ar bhrú na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí le samhaltú tionchair charnagh (PlanWise4Blue)¹⁹. Mar thoradh ar aschuir samhla a léiríonn ardrioscaí d'éin agus d'ialtóga - go háirithe ó fhorbairt braislithe feirmeacha gaoithe i Murascail Ríge - rinneadh limistéir fuinnimh gaoithe a athlonnú agus tugadh isteach maolú spriocdhírthe le haghaidh gníomhaíochtaí mianadóireachta, dotharshaothraithe agus cosanta.

¹⁷ Tacaítear leis an mbarúil sin le meastóireacht an Choimisiúin ar chur chun feidhme na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí. Tugtar faoi deara sa tuarascáil chríochnaitheach (COM(2020)259) go raibh an dul chun cinn maidir le luachanna tairisí a shocrú chun dea-stádas comhshaoil a chinneadh mall agus go bhfuil éagsúlacht nach beag ann maidir leis an gcaoi a sainíonn agus a gcinneann na Ballstáit dea-stádas comhshaoil ar fud na dtuaisceoirí, rud a léiríonn go bhfuil socrú tuairisceoirí fós neamhiomlán agus míchothrom mar bhonn don mheasúnú.

¹⁸ Féach an staidéar tacaíochta le haghaidh tuilleadh samplaí náisiúnta. Sampla láidir de chur chuige ilnáisiúnta maidir le comhtháthú MSC is ea an tionscadal 'Pleanáil straitéiseach bunaithe ar éiceachórais do thodhchaí inbhuanaithe Mhuir Bhailt' atá á chistiú faoi láthair ag Clár Interreg Mhuir Bhailt.

¹⁹ [PlanWise4Blue | An tArdán Eorpach um Pleanáil Spásúil Mhuirí.](#)

Ar an iomlán, léirítear sna hathbhreithnithe is déanaí ar PSManna go bhfuil dul chun cinn soiléir déanta maidir le hAirteagal 5(1) a chur chun feidhme, le húsáid níos córasaí sonraí comhshaoil, anailís charnach ar bhrú agus naisc le cuspóirí na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí. An tráth céanna, tá cur i bhfeidhm praiticiúil an chur chuige bunaithe ar éiceachórais fós míchothrom idir tíortha. Léiríonn sé sin, i bpáirt, léirmhíntithe náisiúnta éagsúla ar an gcoincheap agus easpa creata níos oibríochtúla ar leibhéal an Aontais. Cé go dtugtar aghaidh go forleathan ar bhreithnithe bunaithe ar éiceachórais trí MSC agus nósanna imeachta gaolmhara, tá deis ann i dtimthriallta pleanála amach anseo na hanailísí sin a aistriú ar bhealach níos córasaí ina bhforálacha spásúla atá curtha in iúl go soiléir, ina gcritéir chinnteoireachta agus ina socruithe faireacháin laistigh de na PSManna iad féin.

2.2.2. Breithniú ar na gnéithe comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus sábháilteachta

Ar an iomlán, thug na Ballstáit aghaidh go córasach ar ghnéithe comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus sábháilteachta agus PSManna á n-ullmhú agus á gcur chun feidhme acu, i gcomhréir le hAirteagal 6(2)(b) de Threoir PSM. Tugadh an aird is mó ar bhreithnithe comhshaoil go ginearálta agus ionchorpraíodh go comhsheasmhach iad i PSManna, rud a léiríonn naisc láidre le próisis MSC agus ailíniú le hoibleagáidí faoi reachtaíocht chomhshaoil an Aontais. Tugadh aghaidh ar ghnéithe eacnamaíocha go príomha trí eagrú spásúil na bpríomhearnálacha muirí, go háirithe fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, iompar muirí, calafoirt agus gníomhaíochtaí eile an gheilleagair ghoirm (amhail doibharshaothrú). Idir an dá linn, ionchorpraíodh breithnithe sóisialta ar bhealach níos míchothrom, go minic trí chomhairliúchán le páirtithe leasmhara (mar shampla le hearnáil an iascaigh) agus trí chuspóirí pleanála ardleibhéil seachas trí chreataí anailíseacha tiomnaithe. Tá gnéithe sábháilteachta, go háirithe sábháilteacht mhuirí agus srianta a bhaineann le cosaint, léirithe go coitianta in ainmniúcháin spásúla, i mbearta seolta agus i gciosanna eisiamh nó srianta.

Samplaí²⁰ de bhreithnithe sábháilteachta in PSManna:

Tá ceanglais sábháilteachta leabaithe i roinnt PSManna. Tá gá le measúnuithe riosca loingseoireachta ar leibhéal an tionscadail agus cuardaigh agus tarrthála in Éirinn (trí úsáid a bhaint as uirlisí amhail an bosca uirlisí a d'fhorbair an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Áiseanna Mara le haghaidh Loingseoireachta), atá ailínithe le pleanáil náisiúnta éigeandála agus cosanta. Áirítear i bpleananna na Fraince maidir le réigiún muirí ranna tiomnaithe anailíse riosca agus bileoga gníomhaíochta maidir le faireachas muirí agus acmhainneacht freagartha. Cuireann an tSualainn córais bainistithe tráchta farraige chun cinn - a mheastar a laghdóidh imbhuailtí agus dul ar talamh níos mó ná 60% - agus sainaitníonn sí uasghráduithe calafoirt agus cainéil loingseoireachta is gá chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sábháilteachta. Léirítear sna samplaí sin conas is féidir le pleanáil spásúil mhuirí sábháilteacht mhuirí a fheabhsú trí mheasúnú agus comhordú struchtúrtha le húdarais speisialaithe.

Léirítear le forbairtí a rinneadh le déanaí go bhfuiltear ag éirí as bheith ag úsáid cur chuige tuairisciúil de réir a chéile agus go bhfuiltear ag úsáid breithniú níos struchtúrtha ar na comhbhabhtálacha idir na cuspóirí. I roinnt Ballstát, le hathbhreithnithe PSM, táthar ag iarraidh

²⁰ Féach ar an staidéar tacaíochta le haghaidh tuilleadh samplaí.

cothromaíocht a bhaint amach idir an mhian dlús a chur le húsáid fuinnimh amach ón gcósta agus an gá atá leis an mbithéagsúlacht a chosaint, ligean d'iascach maireachtáil taobh le hearnálacha eile agus sábháilteacht loingseoireachta a áirithiú. Tá breithnithe sábháilteachta ag éirí níos suntasaí i bhfianaise an mhéadaithe atá ag teacht ar an iomaíocht le haghaidh spás farraige agus an ghá atá le bonneagar criticiúil a chosaint, agus leagtar amach cuspóirí eacnamaíocha agus comhshaoil ar leibhéal PSM ar bhealach níos sainráite anois ná mar a leagadh amach sa chéad timthriall pleanála.

D'ainneoin an dul chun cinn sin, tá difríochtaí fós ann maidir le raon feidhme na n-anailísí socheacnamaíocha agus sábháilteachta agus maidir lena mhéid a chuirtear i bhfeidhm iad. Tá modheolaíochtaí níos seanbhunaithe agus infhaighteacht sonraí níos fearr ag gnéithe comhshaoil, ach is minic a thugtar aghaidh go cáilíochtúil ar thionchair shóisialta agus ar éifeachtaí socheacnamaíocha carnacha. Ar an iomlán, tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as pleanáil spásúil mhuirí mar chreat straitéiseach chun breithnithe comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus sábháilteachta a thabhairt le chéile, cé go meastar go ndéanfar tuilleadh forbartha ar mhodheolaíochtaí de réir mar a théann na Ballstáit isteach i dtimthriallta pleanála ina dhiaidh sin.

2.2.3. *An comhleanúnachas a chur chun cinn*

Ó bhí an chéad timthriall cur chun feidhme ann, tá dlús curtha de réir a chéile ag na Ballstáit lena n-iarrachtaí an comhleanúnachas a chur chun cinn idir pleanáil spásúil mhuirí agus beartais, straitéisí agus próisis phleanála ghaolmhara, mar atá ina cheanglas faoi Airteagal 6(2)(c) de Threoir PSM. Aithníonn na Ballstáit chósta uile an phleanáil spásúil mhuirí go sainráite anois mar chreat comhordaithe chun cuspóirí comhshaoil, earnála agus spásúla sa mhuirthimpeallacht a ailíniú, fiú má tá éagsúlacht ann ó thír go tír maidir lena mhéid atá beartais éagsúla comhsheasmhach.

Is féidir an cur chuige is comhsheasmhaí maidir leis an gcuspóir sin a bhaint amach a fheiceáil i mbeartais chomhshaoil mhuirí²¹, atá ailínithe leis na cuspóirí agus leis an bhfianaise atá ina gceanglas faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus faoin Treoir maidir le hÉin²² agus faoin Treoir maidir le Gnáthóga²³. I roinnt mhaith cásanna, léirítear ceanglais chomhshaoil in ainmniúcháin spásúla, i gcoinníollacha pleanála nó i bhforálacha coimirce, le tacaíocht ó phróisis measúnaithe straitéiseacha comhshaoil. I mBallstáit eile, téitear i ngleic níos mó le comhsheasmhacht trí thagairtí ardleibhéil agus trí chomhordú nós imeachta, agus tugtar aghaidh ar chomhtháthú beartais nithiúil ag céimeanna níos déanaí nó ar bhonn cás ar chás.

Déanann formhór na mBallstát tagairt shainráite do naisc leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus leis an Treoir Réime maidir le hUisce²⁴, go minic trí chuspóirí comhshaoil agus

²¹ Féach freisin Meastóireacht na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí (SWD(2025) 50), Cuid 1 – Caibidil an Chomhtháthaithe.

²² Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (leagan códaithe).

²³ Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fána agus flóra fhiáine.

²⁴ Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail i réimse an bheartais uisce.

ainmniúcháin spásúlachta a ailíniú. I gcásanna áirithe, déanann na húdaráis chéanna maoirseacht ar chur chun feidhme Threoir PSM agus na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí araon, rud a éascaíonn malartú sonraí agus saineolais.

Sampla den dea-chleachtas²⁵: Úsáideann an Fhrainc ionstraim lán-chomhtháite ar leibhéal an réigiúin mhuirí (*Documents Stratégiques de Façade*), a fheidhmíonn go comhuaineach mar an PSM agus mar an creat straitéiseach chun an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí a chur chun feidhme. Ionchorpraítear oibleagáidí comhshaoil (líonra Natura 2000, cuspóirí na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí, oibleagáidí na Treorach Réime maidir le hUisce) i léarscáileanna úsáide *Documents Stratégiques de Façade* agus i bplean gníomhaíochta réigiún mhuirí-sonrach (ina gcuimsítear bileoga gníomhaíochta téamacha) lena n-áiríthítear go dtabharfar treoraíocht spásúil agus bearta bainistíochta le chéile in aon doiciméad pleanála amháin.

Lasmuigh den bheartas comhshaoil, úsáidtear pleanáil spásúil mhuirí ar bhealach níos láidre anois chun feabhas a chur ar an gcomhordú le creataí fuinnimh, iompair mhuirí, forbartha calafoirt agus pleanála cósta. Léiríonn athbhreithnithe ar phleananna le déanaí agus nuashonruithe spriocdhírithre treocht i dtreo tuiscint níos soiléire a fhorbairt ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn pleanáil spásúil mhuirí le straitéisí earnála náisiúnta, go háirithe i gcás ina bhfuil impleachtaí spásúla nach beag ann. Tá tionchar fós ag difríochtaí i struchtúir rialachais, i dtimthriallta pleanála agus i sainorduithe dlíthiúla ar ailíniú, ach aithnítear an phleanáil spásúil mhuirí níos mó agus níos mó mar chreat tagartha cobhsaí chun na hidirghníomhaíochtaí sin a bhainistiú.

I gcásanna áirithe, agus i limistéir phlódaithe go háirithe, ní mór machnamh a dhéanamh freisin ar úsáid chomhpháirteach an spáis ag na páirtithe leasmhara éagsúla chun pleanáil chomhleanúnach a dhéanamh. Tá sineirgí agus deiseanna comhlonnaithe á mbreithniú níos mó agus níos mó i roinnt Ballstát, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chineálacha cur chuige atá ag teacht chun cinn maidir le limistéir ilúsáide, lena mbaineann foinsí in-athnuaite fuinnimh amach ón gcósta agus an dobharshaothrú de ghnáth, nó lena gcomhcheanglaítear cuspóirí bonneagair fuinnimh agus bithéagsúlachta. Cé go bhfuil sásraí ann chun measúnú a dhéanamh ar idirghníomhaíochtaí sna Ballstáit uile, tá cuir chuige den sórt sin fós taiscéalaíoch den chuid is mó agus braitheann siad ar thástáil thionscadalbhunaithe seachas ar nósanna imeachta foirmiúla um pleanáil. Bheadh tiomantas láidir agus rannpháirtíocht luath na bpáirtithe leasmhara lena mbaineann ag teastáil freisin chun fíorchur chuige ‘ilúsáide trí dhearadh’ a bhaint amach.

Ar an iomlán, léirítear le taithí ó phleanáil spásúil mhuirí a chur chun feidhme go bhfuiltear ag imeacht de réir a chéile ó sheiceálacha comhsheasmhachta foirmiúla i dtreo comhordú níos substaintiúla. Cé go bhfuil cineálacha éagsúla cur chuige ag na Ballstáit, tá treocht choiteann ann i dtreo an comhleanúnachas a leabú i ngnáthshocruithe rialachais, le tacaíocht ó shásraí comhordúcháin idir-airachta, ó chórais sonraí comhroinnte agus ó athbhreithnithe ar phleananna atriallacha. Tá coinne leis go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh de réir mar a théann an phleanáil spásúil mhuirí in aibíocht agus de réir mar a théann na Ballstáit isteach i dtimthriallta pleanála ina dhiaidh sin.

²⁵ Féach an staidéar tacaíochta chun tuilleadh samplaí a fháil.

2.2.4. *Idirghníomhaíochtaí ar muir agus ar tír*

Thug na Ballstáit uile aghaidh ar idirghníomhaíochtaí idir an talamh agus an fharraige ina gcreataí pleanála spásúla muirí, mar a cheanglaítear le hAirteagail 4(2) agus 6(2)(a) de Threoir PSM. Mar sin féin, tá éagsúlacht nach beag idir tíortha maidir le doimhneacht, raon feidhme agus déine na n-idirghníomhaíochtaí idir an talamh agus an fharraige, rud a léiríonn difríochtaí i socruithe bunreachtúla, i gcumhachtaí riaracháin agus i dtraidisiúin rialála, go háirithe maidir le freagrachtaí a roinnt idir údaráis pleanála muirí agus talún.

Caitheann formhór na mBallstát le hidirghníomhaíochtaí idir an talamh agus an fharraige mar bhreithniú trasearnálach seachas aghaidh a thabhairt orthu trí chur chuige pleanála lán-chomhtháite. Is minic a shainaithnítear le PSManna príomh-chomhéadain amhail calafoirt agus rochtain loingseoireachta, naisc fuinnimh agus eangáí, cosaint chósta, brúnna comhshaoil de thionscnamh talún, agus nascacht éiceolaíoch feadh an chósta. Ba mhinic a thacaigh próisis MSC le comhtháthú na gcomhéadan sin trí aird a tharraingt ar éifeachtaí carnacha na mbeartas muirí agus cósta agus ar an ngá atá le comhsheasmhacht eatarthu.

Breathnaíodh cineálacha cur chuige níos forbartha i gcás ina gcumasaíonn socruithe institiúideacha dlúthchomhar idir córais pleanála muirí agus talún. Sna cásanna sin, cuireann PSManna treoraíocht níos soiléire ar fáil maidir le húsáidí amach ón gcósta a ailíniú le bonneagar ar tír, creataí forbartha cósta agus cuspóirí bainistíochta comhshaoil. Tá aird níos mó tugtha ag roinnt Ballstát ar idirghníomhaíochtaí idir an talamh agus an fharraige i nuashonruithe a rinneadh le déanaí ar a PSManna, go háirithe mar fhreagairt ar úsáid mhéadaithe fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, ar fhorbairt calafort agus ar riachtanais maidir le hoiriúnú don athrú aeráide.

Os a choinne sin, sna Ballstáit ina bhfuil struchtúir rialachais níos ilroinnte nó ina bhfuil deighilt láidir idir inniúlachtaí pleanála talún agus muirí (i gcás nach gcumhdaíonn PSManna ach an limistéar eacnamaíoch eisiach), is minic a tugadh aghaidh ar idirghníomhaíochtaí idir an talamh agus an fharraige trí thagairtí uileghabhálacha, agus fágadh an cur chun feidhme faoi phróisis chinnteoireachta ar leibhéal an tionscadail agus faoi phróisis cheadúcháin earnála den chuid is mó.

2.2.5. *Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus an phobail*

Tá socruithe curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit uile chun rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus rannpháirtíocht an phobail sa phleanáil spásúil mhuirí a áirithiú, i gcomhréir le hAirteagal 6(2)(d) agus le hAirteagal 9 de Threoir PSM. Tá rannpháirtíocht an phobail fréamhaithe go huilíoch i nósanna imeachta um pleanáil reachtúil agus um measúnú comhshaoil, lena n-áirithítear deiseanna íosta comhairliúcháin agus deiseanna comhairliúcháin a chomhlíonann an dlí. Ós rud é go mbaineann breithnithe agus tionchair chomhshaoil nach beag leis an bpleanáil spásúil mhuirí, ní mór do na Ballstáit prionsabail na Treorach maidir le Rannpháirtíocht Phoiblí²⁶ a chur i bhfeidhm agus páirt á tabhairt acu do na páirtithe leasmhara

²⁶ Treoir 2003/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Bealtaine 2003 lena bhforáiltear do rannpháirtíocht an phobail i leith pleananna agus clár áirithe a bhaineann leis an gcomhshaoil a tharraingt suas agus lena leasaítear, a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas, Treoir 85/337/CEE ón gComhairle agus Treoir 96/61/CE ón gComhairle.

agus don phobal sa phróiseas pleanála spásúla muirí, go háirithe agus an measúnú straitéiseach comhshaoil á dhéanamh acu.

Lasmuigh de na ceanglais bhonnline sin, tá éagsúlacht nach beag idir cineálacha cur chuige maidir le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara ar fud comhthéacsanna náisiúnta, rud a léiríonn difríochtaí i struchtúir bhunreachtúla, i dtraidisiúin riaracháin, i gcultúir phleanála agus i gcreataí rialála.

Go ginearálta, tá forbairt tagtha ar rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara sna Ballstáit ó chleachtadh comhairliúcháin foirmiúil den chuid is mó go samhail rannpháirtíochta níos struchtúrtha agus, i gcásanna áirithe, go samhail rannpháirtíochta leanúnaí. Bhí an chéad ghlúin de PSManna ag brath den chuid is mó ar chomhairliúcháin phoiblí a rinneadh le linn chéim ullmhúcháin an PSM agus an phróisis measúnaithe straitéisigh comhshaoil. Leis na pleananna agus na hathbhreithnithe leanúnacha is déanaí, comhlánaíodh comhairliúcháin phoiblí níos mó agus níos mó le comhairliúcháin earnála spriocdhírthe, ceardlanna téamacha, malartuithe déthaobhacha agus uirlisí digiteacha, amhail ardáin mhapála idirghníomhacha²⁷.

Tá treocht shoiléir ann i dtreo rannpháirtíocht trasearnála a neartú, go háirithe i measc údarás agus páirtithe leasmhara i réimsí an fhuinnimh, an mhuiroimpair, an chomhshaoil, an iascaigh agus na forbartha cósta. I roinnt Ballstát, bunaíodh comhlachtaí comhairleacha nó comhordúcháin buana nó leathbhuaana, chomh maith le coistí idir-aireachta, chun tacú le cur chun feidhme agus obair leantach, rud a fhágann gur féidir idirphlé le páirtithe leasmhara a leathnú thar chéim an ghlactha agus go faireachán agus athbhreithniú. I gcás inarb ann do shocruithe den sórt sin, cuireann siad le trédhearcacht, intuarthacht agus úinéireacht chomhroinnte níos fearr ar thorthaí PSM.

Samplaí den dea-chleachtas:

- Tá próiseas comhairliúcháin dea-dheartha agus trédhearcach sa Chipir. Tá dhá chéim chomhairliúcháin ann ar fud na tíre lena gcomhcheanglaítear cuir i láthair ó chathair go cathair le hardán ar líne le haghaidh aighneachtaí i scríbhinn agus lena gcuirtear na dréacht-léarscáileanna uile ar fáil go poiblí. Rud atá tábhachtach, d'eascair athruithe nithiúla ar an PSM as an ionchur. Mar shampla, athlonnaíodh aonaid do Bharshaothraithe chun coinbhleachtaí le bonneagar fuinnimh a sheachaint, tugadh isteach criosanna tiomnaithe do thabhairt i dtír cáblaí chun rioscaí loingseoireachta a laghdú, agus cuireadh limistéir ilúsáide ar bhonn foirmiúil chun cómhaireachtáil idir gníomhaíochtaí amhail fuinneamh, iompar, turasóireacht, oidhreacht chultúrtha agus cosaint a bhainistiú. Rinneadh doiciméadú i dtuarascáil chomhdhlúite barúlacha agus freagraí ar an gcaoi ar mhúnlaigh aiseolas an plean deiridh, rud a chinntigh inrianaitheacht iomlán.
- San Ísiltír, tá páirtithe leasmhara iascaigh rannpháirteach i bpleanáil spásúil mhuirí trí phróiseas rannpháirtíochta struchtúrtha agus leanúnach, a oibríodh go háirithe nuair a rinneadh athbhreithniú ar PSM na Mara Thuaidh nasctha le leathnú an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta. Lasmuigh de chomhairliúcháin phoiblí reachtúla, glacann eagraíochtaí iascaigh amhail VisNed (comhlachas iascaigh na

²⁷ Staidéar ón gCoimisiún Eorpach maidir le rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara in PSM, 2023 – <https://maritime-spatial-planning.ec.europa.eu/media/document/15560>.

hÍsiltíre) agus POV (eagraíocht táirgeoirí iascaigh na hÍsiltíre) páirt in idirphléarnála tiomnaithe agus i malartuithe spriocdhírthe. Leis an bpróiseas sin, tugtar aghaidh ar ábhair inní iascaigh, amhail rochtain ar mheánna, sábháilteacht, agus cómhaitheacht, chomh maith le cuspóirí comhshaoil agus fuinnimh, tacaíocht don trédhearcacht agus comhbhabhtálacha eolasacha. Tá dúshlán fós ann, lena n-áirítear coinbhleachtaí spásúlachta, rioscaí sábháilteachta, agus bearnaí sonraí. Tá réitigh nuálacha, amhail criosú dinimiciúil agus taighde comhoibríoch (e.g. Clár Éiceolaíoch Gaoithe Amach ón gCósta (Wozep)), á bhfiosrú chun cothromaíocht a fháil idir leasanna iomaíocha. Tá cur chuige na hÍsiltíre ag teacht le Treoir PSM agus tá comhar idirnáisiúnta le tíortha comharsanachta na Mara Thuaidh i gceist leis.

An tráth céanna, tá doimhneacht, leanúnachas agus cothromaíocht rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara fós míchothrom. Cé go bhfuil páirtithe leasmhara institiúideacha agus gníomhaithe eárnála dea-eagraithe – go háirithe tionscail mhuirí ar mhórsála – comhtháite go maith i bpróisis phleanála go ginearálta, tá cuimsiú pobal áitiúil, iascaigh ar mhionsála, oibreoirí dobharshaothraithe, gníomhaithe eacnamaíocha beaga agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta fós i bhfad níos athraithe agus is minic a bhíonn siad teoranta do chomhairliúcháin *ad hoc*, seachas iad a bheith leabaithe ar bhealach córasach marthanach le linn an timthrialla phleanála. Tá srianta acmhainneachta na riarachán agus na bpáirtithe leasmhara, sainorduithe éagsúla ar fud leibhéal rialtais agus castacht na bpróiseas PSM fós ina mbacainní ar rannpháirtíocht níos comhsheasmhaí agus níos cuimsithe i roinnt Ballstát.

2.2.6. *Úsáid na sonraí is fearr atá ar fáil agus comhroinnt sonraí*

Tá úsáid leathan sonraí atá ag éirí níos struchtúrtha ina bonn taca leis an bpleanáil spásúil mhuirí sna Ballstáit, i gcomhréir le hAirteagal 6(2)(e) agus le hAirteagal 10 de Threoir PSM. Baineann na PSManna uile leas as meascán de thacair sonraí chomhshaoil, shocheacnamaíocha agus eárnála atá ann cheana agus braitheann siad, go háirithe, ar shonraí a ghintear faoi reachtaíocht an Aontais, go háirithe an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí, na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga, agus creataí eárnála ábhartha, arna gcomhlánú ag foinsí ar leibhéal imchuach farraige nó ar leibhéal an Aontais amhail EMODnet, Seirbhís Mhuirí Copernicus agus Atlas Eorpach na bhFarraigí.

I bhformhór na gcásanna, eagraíonn údarais úsáid sonraí trí phróisis nó ardáin náisiúnta thiomnaithe lena gcomhdhlúthaítear ionchur ó údarais inniúla éagsúla agus ó chórais faireacháin éagsúla.

Feidhmíonn an measúnú straitéiseach comhshaoil (MSC) go coitianta mar an príomhshásra chun sonraí comhshaoil a eagrú agus a bhailíochtú a chomhtháthaítear ansin in PSManna. Is iondúil go mbíonn bonnlínte comhshaoil, anailísí brú agus measúnuithe tionchair carnacha ag brath ar shonraí faireacháin na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí, fardail Natura 2000, mapáil náisiúnta ghrinneall na farraige, tacair sonraí iascaigh agus loingseoireachta, agus faisnéis eárnáilsonrach (e.g. fuinneamh amach ón gcósta, calafoirt, cáblaí). Baineann roinnt Ballstát leas sonrach as tuairisceoirí, táscairí agus timthriallta measúnaithe na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí a fheidhmíonn mar chnámh droma comhshaoil don chaoi a n-úsáidtear sonraí dá PSManna, agus baineann Ballstáit eile leas astu sin ar bhealach níos indírí, chun bheith ina bhfianaise chomhthéacsúil chun cuidiú le forbairt PSManna agus le cinntí ceadaithe.

Tá infheistíocht déanta ag go leor Ballstát i mbonneagar sonraí muirí náisiúnta nó réigiúnach chun tacú le pleanáil spásúil mhuirí. I measc na samplaí de bhonneagar den sórt sin tá geothairseacha muirí, ardáin chomhroinnte córais faisnéise geografáil agus uirlisí tacaíochta cinnteoireachta lenar féidir forleagan spásúil a dhéanamh ar úsáidí, srianta agus íogaireachtaí comhshaoil. I gcásanna áirithe, tá na córais sin deartha chun tacú ní hamháin le hullmhú PSManna ach le MSCanna, Measúnuithe Iomchuí agus údaruithe ar leibhéal an tionscadail ina dhiaidh sin freisin, rud a fheabhsaíonn comhsheasmhacht ar fud na gcéimeanna pleanála agus ceadúnúcháin.

An tráth céanna, is féidir éagsúlacht nach beag in inchoimparáideacht sonraí agus in úsáid oibríochtúil sonraí a fheiceáil idir na Ballstáit, rud a léiríonn difríochtaí in infhaighteacht sonraí agus in acmhainneacht theicniúil. I roinnt cásanna, aithnítear teorainneacha sonraí go sainráite in PSManna nó MSCanna, go háirithe i ndáil le seirbhísí éiceachórais, brúnna carnacha, tionchair an athraithe aeráide agus idirghníomhaíochtaí socheacnamaíocha. I gcás ina bhfuil bearnaí sonraí ann, is minic a chuireann PSManna cuir chuige réamhchúraim i bhfeidhm, cuireann siad anailís mhionsonraithe siar go timthriallta pleanála ina dhiaidh sin, nó braitheann siad ar mheasúnuithe ar leibhéal an tionscadail chun fianaise a bheachtú.

Samplaí den dea-chleachtas:

- Úsáideann an Spáinn ardán INFOMAR chun tacair sonraí agus critéir cheadaithe a chomhchuíbhíú le haghaidh pleanáil spásúil mhuirí, an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus údarais bainistithe cósta, rud a éascaíonn ailíniú oibríochtúil ar fud réimsí beartais.
- Baineann Ballstáit Mhuir Bhailt agus na Mara Thuaidh go háirithe úsáid chórasach as tacair sonraí agus uirlisí réigiúnacha a forbraíodh faoi HELCOM-VASAB, OSPAR agus tionscadail pleanála spásúla muirí arna gcistiú ag an Aontas.

2.2.7. *Comhar idir na Ballstáit agus ar leibhéal imchuach na farraige*

Rinneadh an comhar idir na Ballstáit sa phleanáil spásúil mhuirí a neartú a thuilleadh, i gcomhréir le hAirteagal 6(2)(f) agus le hAirteagal 11 de Threoir PSM. Is gné chaighdeánach de phróisis pleanála spásúla muirí é an comhar, go háirithe in imchuacha farraige comhroinnte, agus tá sé leabaithe trí mheascán de nósanna imeachta foirmiúla, creataí réigiúnacha agus comhar tionscadalbhunaithe. Mar sin féin, tá éagsúlacht nach beag ó imchuacha farraige agus tíortha go chéile maidir le méid agus cineál an chomhair, agus an tionchar praiticiúil atá aige ar thorthaí pleanála.

Tá sásraí i bhfeidhm ag formhór na mBallstát chun dul i gcomhairle le tíortha comharsanachta agus chun faisnéis a chomhordú agus a mhalartú leo. De ghnáth bíonn siad sin i bhfoirm comhairliúcháin MSC agus PSM, cruinnithe déthaobhacha agus rannpháirtíocht i struchtúir réigiúnacha imchuach farraige. Tá comhairliúcháin trasteorann faoi chreat MSC fós ar an mbealach comhair is córasaí agus is láidre ó thaobh an dlí de, lena n-áiríthítear fógra luath, malartú doiciméadachta, agus breithniú ar éifeachtaí trasteorann comhshaoil. I roinnt cásanna, chuidigh na próisis sin le boinn fianaise, measúnuithe comhshaoil agus toimhdí pleanála idir tíortha a ailíniú ar bhealach níos fearr.

Lasmuigh de chomhairliúcháin fhoirmiúla, is minic a eagraítear comhar trí chreataí rialachais réigiúnacha atá ann cheana, amhail meitheal PSM HELCOM-VASAB i Muir Bhailt, struchtúir a bhaineann le OSPAR agus Tionscnamh Imchuach na Mórmhara Thuaidh san Atlantach Thoir Thuaidh, agus trí chur chun feidhme comhordaithe phrótacal Choinbhinsiún Barcelona maidir le Bainistiú Comhtháite an Limistéir Chósta. Cuireann na creataí sin prionsabail, treoraíocht agus fóraim choiteanna ar fáil le haghaidh idirphlé a chuidíonn, dá réir sin, le cineálacha cur chuige pleanála spásúlachta a ailíniú, go háirithe maidir le cuspóirí comhshaoil, loingseoireacht agus fuinneamh amach ón gcósta. Ina theannta sin, tá ról comhlántach ag tionscadail agus ardáin arna gcistiú ag an Aontas trí staidéir chomhpháirteacha, modheolaíochtaí comhroinnte agus feidhmchláir phíolótacha a éascú, go háirithe maidir le measúnuithe tionchair carnacha, cineálacha cur chuige bunaithe ar éiceachórais agus úsáid sonraí trasteorann²⁸.

Sampla den dea-chleachtas:

Tionscnamh Imchuach na Mórmhara Thuaidh - arna sheoladh ag an Ísiltír agus ag an bhFrainc in 2023, tugann an tionscnamh sin naoi dtír le chéile a bhfuil teorainn acu leis an Mórmhuir Thuaidh (BE, DK, FR, DE, IE, NL, NO, SE, UK). Is é is aidhm dó feabhas a chur ar chomhleanúnachas na pleanála spásúla muirí agus an bhainistithe mhuirí ar fud an imchuach trí thosaíochtaí a ailíniú i réimsí amhail fuinneamh amach ón gcósta, iascach/dobharshaothrú, loingseoireacht agus caomhnú an dúlra, agus trí thacú le cur chuige trasteorann atá bunaithe ar éiceachórais chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as uisceí comhroinnte. Agus é ag obair in éineacht leis na fóraim atá ann cheana amhail Comhar Fuinnimh na Mara Thuaidh agus Coinbhinsiún Osló agus Pháras maidir le Cosaint Mhuirthimpeallacht an Atlantaigh Thoir Thuaidh (OSPAR), neartaíonn sé an comhordú idir airí, údarais agus páirtithe leasmhara agus cuireann sé comhroinnt sonraí agus eolais chun cinn. Le sé shruth oibre theicniúla dheonacha (rialachas, ilúsáid/comhúsáid, caomhnú an dúlra, tionchair charnacha, peirspictíochtaí fadtéarmacha iascaigh agus comhroinnt eolais), cuirtear creat struchtúrtha ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar bhrúnna carnacha agus chun teorainneacha éiceolaíochta a choinneáil ar bun.

Sa chleachtas, leanann an comhar idir na Ballstáit agus ar leibhéal imchuach na farraige de thionchar éagsúil a bheith aige ar chinntí sonracha maidir le pleanáil spásúlachta. Cé go bhfuil sé soiléir go ndearna roinnt Ballstát iad féin a ailíniú maidir le roghanna criosaithe, conairí nó coimircí comhshaoil, i roinnt mhaith cásanna tacaíonn an comhar go príomha le feasacht fhrithpháirteach agus le malartú faisnéise seachas torthaí pleanála comhpháirteacha nó comhordaithe a bhaint amach. Tá difríochtaí i dtimthriallta pleanála, stádas dlíthiúil PSManna, cumhachtaí riaracháin agus tosaíochtaí náisiúnta fós ina mbacainní ar chomhtháthú níos doimhne.

2.2.8. Comhar le tríú tíortha

Oibríonn formhór na mBallstát i gcomhar le tríú tíortha, go háirithe i gcás ina bhfuil cúiseanna láidre ann é sin a dhéanamh, amhail imchuacha farraige comhroinnte, éiceachórais imirce nó

²⁸ Tá tacaíocht airgeadais nach beag curtha ar fáil ag an Aontas d'fhorbairt an chomhair ilnáisiúnta sa phleanáil spásúil mhuirí thar na blianta. Mar shampla, tá clár Interreg Mhuir Bhailt ag tacú le tionscadail chomhair ar an ábhar le breis agus 20 bliain anuas. Chuir clár Interreg eile tacaíocht chistiúcháin ar fáil freisin, lena n-áirítear clár Interreg Mhuir Bhailt Theas (e.g. tionscadal SEAPLANSPACE,) agus clár Interreg na Mara Thuaidh (e.g. tionscadal NORSAIC,).

gníomhaíochtaí muirí trasteorann. Sa chleachtas, saothraítear an comhar sin go príomha trí struchtúir atá ann cheana amhail coinbhinsiúin maidir le farraigí réigiúnacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus tionscadail de chuid an Aontais²⁹ seachas trí chomhaontuithe foirmiúla déthaobhacha maidir le pleanáil spásúil mhuirí. Na Ballstáit a bhfuil teorainn mhuirí acu le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad sa Mhuir Bhailt, sa Mheánmhuir, sa Mhuir Dhubh agus san Atlantach Thoir Thuaidh, tuairiscíonn siad rannpháirtíocht dhéthaobhach níos córasaí. I roinnt imchuach farraige, rinne forbairtí geopholaitiúla difear do leanúnachas agus do raon feidhme an chomhair réigiúnaigh agus dhéthaobhaigh.

Fuarthas gurb é an comhar le tríú tíortha an comhar is forbartha ar leibhéal foirmlithe straitéise agus malartaithe faisnéise. Bíonn na Ballstáit rannpháirteach go coitianta in ardáin réigiúnacha agus i bhfóraim theicniúla chun sonraí a chomhroinnt, cuspóirí comhshaoil a ailíniú agus forbairtí earnála a phlé, go háirithe i ndáil le cosaint an chomhshaoil, sábháilteacht loingseoireachta, iascach agus dobharshaothrú agus úsáidí atá ag teacht chun cinn amhail fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta. Cuidíonn na hidirghníomhaíochtaí sin le feasacht a mhúscailt agus comhthuiscint a fheabhsú ach is annamh a bhíonn réitigh pleanála spásúlachta chomhordaithe nó arna gcomhaontú go comhpháirteach mar thoradh orthu. I roinnt cásanna, ba iad tionscadail nó tionscnaimh réigiúnacha a fuair cistiú ón Aontas a raibh creat ama sainithe acu an chúis a bhí leis an gcomhar, rud a d'fhág go raibh torthaí ilroinnte ann nó gur cuireadh deireadh leis an gcomhar a luaithe a tháinig deireadh le cistiú tionscadail.

Tugann an fhianaise le fios go bhfuil comhar tríú tír níos éifeachtaí nuair atá sé leabaithe i struchtúir réigiúnacha sheanbhunaithe agus nuair atá sé nasctha le hoibleagáidí comhshaoil faoi choinbhinsiúin idirnáisiúnta. Mar sin féin, tá sásraí córasacha chun comhar den sórt sin a aistriú ina bhforálacha nithiúla maidir le pleanáil spásúil mhuirí nó ina mbearta comhordaithe maidir le pleanáil spásúil fós teoranta. Ar an iomlán, tá dul chun cinn déanta maidir le hidirphlé a choinneáil ar bun agus faisnéis a chomhroinnt. Mar sin féin, is dúshlán leanúnach do thimthriallta pleanála amach anseo é cumas na mBallstát breithnithe tríú tír a chomhtháthú ar bhealach níos doimhne agus níos comhsheasmhaí i gcur chun feidhme na pleanála spásúla muirí.

2.3. Dúshlán maidir le cur chun feidhme

Leis an taithí a fuarthas ó phleanáil spásúil mhuirí a chur chun feidhme a bailíodh ó bhí an timthriall tuairiscithe roimhe seo ann, deimhníodh gur gné lárnach sheanbhunaithe de rialachas muirí an Aontais í an phleanáil spásúil mhuirí anois. Feidhmíonn sé níos mó agus níos mó mar chreat tagartha chun úsáidí éagsúla spáis mhuirí a eagrú agus chun tacú le comhordú beartais ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal imchuach farraige. An tráth céanna, tá roinnt réimsí ann ina bhféadfaí ról na pleanála spásúla muirí a neartú a thuilleadh chun freagairt do chuspóirí beartais atá ag teacht chun cinn agus d'éilimh mhéadaitheacha ar an spás muirí.

²⁹ Baineann roinnt tionscadal PSM arna maoiniú ag an Aontas atá ar siúl faoi láthair le pleanáil spásúil mhuirí le tíortha nach bhfuil san Aontas (e.g. MEDIGREEN, NESBp). Le cláir Interreg, lena rannpháirtíocht ag tíortha nach Ballstáit iad ar bhonn comhionann leis na Ballstáit, tugtar deis ar leith freisin comhar maidir le pleanáil spásúil mhuirí a fhorbairt le tríú tíortha, agus tá an iliomad samplaí de thionscadail den sórt sin i gclár Interreg na Mara Duibhe, i gclár ADRION Interreg (lena gcumhdaítear an Mhuir Aidriach agus an Mhuir Iónach) agus sa Mheánmhuir.

Baineann an chéad dúshlán le comhordú trasearnála ar fud leibhéil éagsúla rialtais. Cuireann pleanáil spásúil mhuirí creat spásúil comhchoiteann ar fáil cheana féin ina gcuirtear cuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta san áireamh. Mar sin féin, mar gheall ar idirghníomhaíochtaí méadaitheacha idir beartais maidir le fuinneamh, an comhshaoil, iascach, dobharshaothrú, iompar, slándáil agus oiriúnú don athrú aeráide, tá ionchais mhéadaitheacha ann maidir le pleanáil spásúil mhuirí chun comhleanúnachas a éascú ní hamháin idir earnálacha, ach idir údarais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla freisin. I roinnt mhaith Ballstát, déantar an fhreagracht as cur chun feidhme na pleanála spásúla muirí a dháileadh ar fud na leibhéil rialtais, rud a chuireann le castacht na bpróiseas comhordúcháin. Cé go bhfuil sásraí comhordúcháin i bhfeidhm i bhformhór na gcásanna, tá éagsúlacht ann maidir lena n-éifeachtacht, agus tugtar le fios leis an taithí ar chur chun feidhme go bhfuil raon feidhme ann chun ról na pleanála spásúla muirí a neartú a thuilleadh mar cholún comhordaithe cobhsaí lena nasctar beartais, straitéisí, spriocanna agus ionstraimí cur chun feidhme earnála ar fud na leibhéil rialtais. Ina theannta sin, leis an méadú atá ag teacht ar an éileamh ar spás, méadaítear an gá atá le hearnálacha oibriú i limistéir fhorluiteacha nó chongaracha agus, dá bhrí sin, le pleanáil a dhéanamh cur chuige ‘ilúsáide trí dhearadh’ a ghlacadh ón tús agus i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara.

Baineann dúshlán eile le gné réigiúnach agus imchuach farraige na pleanála spásúla muirí. Tá comhar ar leibhéil imchuach farraige ina ghné chaighdeánach de phróisis pleanála spásúla muirí anois, le tacaíocht ó choinbhinsiúin réigiúnacha, ó thionscail arna gcistiú ag an Aontas agus ó ardáin chomhair sheanbhunaithe. Mar sin féin, d’fhéadfadh breithnithe geopholaitiúla, difríochtaí i dtimthriallta pleanála, sainorduithe náisiúnta agus cineálacha cur chuige cur chun feidhme teorainn a chur lena mhéid a léirítear cuspóirí réigiúnacha go córasach i dtorthaí spásúla. Trí chuir chuige réigiúnacha a neartú, d’fhéadfaí cuidiú le comhsheasmhacht níos fearr a bhaint amach maidir leis an gcaoi a dtugtar aghaidh ar bhrúnna comhroinnte, ar thionchair chanaigh agus ar riachtanais bhonneagair trasteorann, agus inniúlachtaí náisiúnta á n-urramú an tráth céanna.

Tá dúshlán breise i gceist leis an tábhacht a bhaineann le hionstraimí a dhéanamh níos comhleanúnaí le beartais chomhshaoil, go háirithe leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí agus le ceanglais agus creataí gaolmhara maidir le caomhnú agus athbhunú an dúlra, chomh maith le cuspóirí oiriúnaithe don athrú aeráide. Tríd is tríd, tá próisis pleanála spásúla muirí ailínithe go maith leis na beartais sin ó thaobh nós imeachta de, go háirithe trí MSCanna agus comhroinnt sonraí. Mar sin féin, agus cuspóirí beartais ag díriú níos mó agus níos mó ar riocht, athléimneacht agus athchóiriú éiceachóras chomh maith lena n-oiriúnú don athrú aeráide, tá deis ann pleanáil spásúil mhuirí a shoiléiriú a thuilleadh chun a áirithiú go dtacóidh sí leis na cuspóirí sin a aistriú ina roghanna pleanála spásúlachta. Áirítear ar na bealaí chun pleanáil spásúil mhuirí a shoiléiriú aird níos mó a thabhairt ar idirghníomhaíochtaí idir an talamh agus an fharraige, ar leochaileacht chósta, agus ar na himpleachtaí spásúla a bhaineann le hathruithe atá dírithe ar an aeráid, agus tacaíocht a choinneáil ar bun d’fhorbairt inbhuanaithe earnálacha an gheilleagair ghoirm.

Dúshlán eile atá ag teacht chun cinn is ea sonraí agus eolas a eagrú agus a úsáid. Tá dul chun cinn nach beag déanta maidir le bonneagar sonraí muirí agus uirlisí tacaíochta cinnteoireachta a fhorbairt le haghaidh pleanáil spásúil mhuirí, ag tógáil go minic ar thionscnaimh ar leibhéil an Aontais agus ar chomhar réigiúnach. De réir mar a thagann forbairt ar an bpleanáil spásúil mhuirí, tá méadú ag teacht ar an spéis i naisc le córais bhreathnóireachta agus faireacháin aigéin a neartú, chun tacú le pleanáil oiriúnaitheach, chun feabhas a chur ar an tuiscint ar éifeachtaí

carnacha agus chun feabhas a chur ar an mbonn fianaise le haghaidh cinnteoireachta ar fud réimsí beartais.

Ar deireadh, tugtar le fios leis an méadú atá ag teacht ar an líon tionscnamh de chuid an Aontais a bhaineann le spás muirí go bhfuil gá le comhleanúnachas agus simpliú níos fearr ar fud an tírdhreacha beartais. Tá coinne leis go bhfeidhmeoidh an phleanáil spásúil mhuirí ag an gcomhéadan idir earnálacha, straitéisí, pleananna agus ceanglais tuairiscithe iomadúla. Cé go léiríonn sé sin a acmhainneacht mar fhórsa comhtháthaithe, cuireann sé i dtábhacht go láidir freisin a thábhachtaí atá sé go ndéanfaí an chastacht rialachais atá ann cheana a chuíchóiriú leis an bpleanáil spásúil mhuirí, seachas cur léi. Trí chuspóirí, amlínte agus sreafaí faisnéise a ailíniú a thuilleadh ar fud na mbeartas, d'fhéadfaí feabhas a chur ar éifeachtacht na pleanála spásúla muirí mar phríomhionstraim pleanála agus chomhordúcháin.

Ar an iomlán, tugtar le fios leis na dúshláin a leagtar amach thuas go bhfuil deiseanna ann chun cur leis an mbonn láidir a leagtar síos le Treoir PSM. Leis an taithí a fuarthas ó thimthriallta pleanála comhleanúnacha, cuirtear bonn láidir ar fáil chun breithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfaí an phleanáil spásúil mhuirí a neartú a thuilleadh mar cholún lárnach de rialachas aigéin an Aontais, lena n-áirítear i gcomhthéacs an athbhreithnithe atá le teacht ar Threoir PSM agus i gcomhthéacs fhorbairt an Ghnímh um an Aigéan a bheidh ann amach anseo, mar a fógraíodh sa Chomhshocrú um an Aigéan a glacadh i mí an Mheithimh 2025³⁰.

3. AN BEALACH CHUN CINN

Ó glacadh Treoir PSM, tá forbairt nach beag tagtha ar an gcreat beartais agus dlíthiúil lena rialáitear uiscí muirí an Aontais. Feidhmíonn pleanáil spásúil mhuirí anois i gcomhthéacs ina bhfuil luas chur in úsáid an fhuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta ag méadú, ina bhfuil cuspóirí cosanta agus athchóirithe comhshaoil á neartú, ina bhfuil breithnithe slándála agus athléimneachta ag éirí níos lárnaí, agus ina bhfuil ionchas méadaitheach ann do rialachas comhtháite na n-aigéan. Leis na forbairtí sin, leagtar cuirtear i dtábhacht ábharthacht straitéiseach na pleanála spásúla muirí mar phríomhionstraim chomhordúcháin, agus an tráth céanna nochtar na teorainneacha a bhaineann léi ó thaobh a deartha agus a cur chun feidhme de araon.

Aithnítear go forleathan an phleanáil spásúil mhuirí mar cheann den bheagán ionstraimí atá in ann beartais earnála, cuspóirí comhshaoil agus an chinnteoireacht spásúil a nascadh ar fud na réimsí muirí. An tráth céanna, leis an taithí a fuarthas ó phleanáil spásúil mhuirí a chur chun feidhme, cuireadh i dtábhacht dúshláin struchtúracha. Áirítear orthu sin léirmhíniú neamhréireach ar chroíchoincheapa amhail an cur chuige bunaithe ar éiceachórais, láimhseáil athraitheach ar idirghníomhaíochtaí idir an talamh agus an fharraige, breithniú míchothrom ar pháirtithe leasmhara muirí, cineálacha cur chuige ilroinnte maidir le sonraí agus faireachán, agus acmhainneacht theoranta chun torthaí pleanála trasteorann agus tríú tír a chomhordú.

Sa chomhthéacs sin, fógraíodh Gníomh um an Aigéan a bheidh ann amach anseo mar chuid den Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan lena mbunaítear creat aonair de chuid an Aontais chun sláinte an aigéin a chosaint agus chun an geilleagar gorm a fhorbairt go hinbhuanaithe. Tá an Gníomh um an Aigéan ceaptha a bheith ina thionscnamh suaitheanta um rialachas na n-aigéan a chuirfidh leis an athbhreithniú ar Threoir PSM. Is é is aidhm don Gníomh an

³⁰ COM(2025) 281; https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/european-ocean-pact_en.

phleanáil spásúil mhuirí a neartú agus a nuachóiriú mar uirlis straitéiseach a fhreastalóidh ar thosaíochtaí an Chomhshocraithe um an Aigéan agus ar a gcur chun feidhme, trí chomhordú trasearnála méadaithe ar an leibhéal náisiúnta agus trí chur chuige imchuach farraige níos eagraithe. Cuirfidh torthaí na tuarascála cur chun feidhme seo bonn fianaise tráthúil ar fáil chun bonn eolais a chur faoin athbhreithniú ar Threoir 2014/89/AE agus faoi fhorbairt an Ghnímh um an Aigéan a bheidh ann amach anseo.

Mar fhocal scoir, léirítear sa tuarascáil seo go bhfuil an phleanáil spásúil mhuirí san Aontas tar éis dul isteach i gcéim nua aibíochta, cé go bhfuil roinnt dúshlán leanúnach ann. Tá go leor Ballstát sa dara nó sa tríú timthriall pleanála anois agus tá siad ag díriú níos mó agus níos mó ar athbhreithniú agus ar nuashonruithe spriocdhírithé a dhéanamh ar PSManna, agus ar obair leantach a dhéanamh ar a gcur chun feidhme. Tugann sé sin deis bogadh i dtreo pleanáil níos cuimsithí, níos iomlánaíche agus níos dírithe ar spriocanna, le rialacha cinnteoireachta níos soiléire, naisc níos láidre le faireachán agus bainistíocht oiriúnaitheach, agus comhleanúnachas feabhsaithe ar fud na mbeartas agus na n-imchuach farraige.